

Guthanna Áitiúla dlr: Comórtas Filíochta

Scríobhadh cuid de na dánta is fearr dá bhfuil ann ag pointí corracha, cinniúnacha inár stair. Tá áthas ar dlr deis a thabhairt do mhuintir na háite scód a ligean lena gcuid cruthaitheachta agus dán a scríobh le linn an ordaithe dianghlasála i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Is fútsa atá sé téama do dháin a roghnú.

Nuair a osclaíodh dlr LexIcon don phobal ag deireadh 2014, rinneamar an ócáid a cheiliúradh ach díolaim dar teideal **Taking the Plunge** a fhoilsiú, áit ar bailíodh le chéile saothar scríbhneoirí áitiúla a bhí lonnaithe sa Chontae. Tá an tionscadal seo cosúil leis sin. Foilseoidimid rogha dánta i mór bhileog nó paimfléad dlr agus ar líne ar ár láithreán gréasáin. Tá comórtas gearrscéalaíochta á réachtáil ag Leabharlanna dlr ag an am céanna.

Coinnigh súil ar www.dlrcoco.ie/arts agus ar ár leathanaigh ar na meáin shóisialta le leideanna agus comhairle a fháil maidir le filíocht a chur le páir.

Táimid ag tnúth go mór le d'iontrálacha a fháil!

Seo a leanas na 4 chatagóir agus na duaiseanna:

Leanaí faoi bhun 12 bhliain d'aois:

Buaiteoir €100, an dara háit €50

Aosach Óg 12-17 mbliana d'aois:

Buaiteoir €250, an dara háit €100

**Duine Fásta os cionn 18 mbliana d'aois:
€250**

Buaiteoir €500, an dara háit

**Haiku ó Dhuine Fásta os cionn 18 mbliana d'aois:
háit €250**

Buaiteoir €500, an dara háit

- Ní ghlacfar le níos mó ná dhá iontráil in aghaidh an duine.
- Caithfear ainm agus catagóir a lua le gach iontráil.
- Sna catagóirí do Leanaí agus d'Aosaigh Óga, caithfear aois a lua. Caithfear ainm an tuismitheora/an chaomhnóra a thabhairt freisin.
- Ba chóir d'iontrálacha a bheith clóscríofa. Ní bheidh cóipeanna scanta d'iontrálacha lámhscríofa incháilithe.
- Tá sé saor in aisce cur isteach ar an gcomórtas agus glacfar le hiontrálacha ó gach duine a théann ar scoil, a dhéanann staidéar, a oibríonn nó a chónaíonn i gContae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Níl cead ag fostaithe Chomhairle Contae DLR cur isteach air.
- Seol d'iontráil isteach tríd an ríomhphost chuig arts@dlrcoco.ie. Ní ghlacfar le cóipeanna crua d'iontrálacha; is tríd an ríomhphost amháin a ghlacfar le hiontrálacha.
- Caithfidh na dánta a bheith nGaeilge nó i mBéarla.
- Ní mór nár foilsíodh na dánta in aon áit eile roimh ré agus caithfidh sé gur píosa nua oibre a cumadh le linn an ordaithe dianghlasála agus saothar bunaidh de chuid an údair iad.
- Ar iontráil a chur isteach don údar (nó don tuismitheoir/chaomhnóir), tá sé nó sí ag admháil, má mheastar gur iontráil bhuaiteach é, go bhféadfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an iontráil sin a fhoilsiú i mór bhileog nó paimfléad, ar a

láithreán gréasáin nó ar na meáin shóisialta. Is é an t-údar a choinneoidh cóipcheart an tsaothair agus féadfaidh sé nó sí é a fhoilsiú tar éis a chéadfhoilsithe ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, ach a chinntiú go dtabharfar aitheantas don Chomhairle gach uair a fhoilseofar é.

- Ní mór iontrálacha a bheith istigh faoi Dé Máirt, an 26 Bealtaine 2020, ag 5.00i.n.
- Is é cinneadh na moltóirí an cinneadh deiridh. Ní dhéanfaidh an Chomhairle comhfhreagras maidir le haon iontráil ná ní bheidh in ann admháil a thabhairt go bhfuarthas iontráil áirithe.
- Fógrófar na torthaí i lár mhí an Mheithimh agus foilseofar liosta na mbuaiteoirí ar líne ar láithreán gréasáin na Comhairle.

Tá an tionscadal seo maoinithe go flaithiúil ag Éire Ildánach mar chuid de chlár Éire Ildánach 2020 ag dlr.

www.dlrcoco.ie/arts